

Miontuairiscí

Cruinniú Thoscaireacht Aosdána

2pm – 4pm, 5 Nollaig 2019 ag an gComhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

I láthair

Cathy Carman, Bob Quinn, Rhona Clarke, Eamon Colman, Geraldine O'Reilly, Samuel Walsh

Tháinig Anne Haverty (an Cathaoirleach) isteach díreach agus deireadh á chur leis an gcrúinniú mar gheall ar mhearbhall faoi am an chruinnithe agus faoin am a leithdháileadh ar bhaill le súil a thabhairt ar mhiontuairiscí tar éis an chruinnithe.

Ag an gcrúinniú

Karen Hennessy (Cláraitheoir Aosdána)

Leithscéal ó

Vincent Woods, Michael Holohan, Thomas McCarthy

Miontuairiscí ón gcrúinniú deiridh agus nithe ag éirí astu

Tugadh súil siar ar mhiontuairiscí crúinniú an 5 Meán Fómhair agus faomhadh iad ach chuir Anne Haverty in iúl go raibh sí ag iarraidh leasuithe a dhéanamh ar na miontuairiscí agus nach raibh deis aici ag an gcrúinniú. Rachaidh sí i dteagmháil leis an gCláraitheoir faoi na leasuithe agus déanfar na miontuairiscí a athscaipeadh chuig cách lena bhfaomhadh roimh shos na Nollag.

Súil siar ar ainmniúcháin 2020

Tá 21 ainmniúchán nua ann san iomlán. Faomhadh an 21 ar fad le dul ar aghaidh chuig vóta na ballóide disciplín. Tarlóidh próiseas vótála na ballóide disciplín i rith mhí na Feabhra/an Mhárta 2020. Tá ocht n-ainmniúchán ó 2019 ann a thabharfar anonn chuig Tionól Ginearálta 2020. Tá an Cláraitheoir leis na mionsonraí a soláthraíodh a leanúint suas i ndáil le saothair atá ar taispeáint ag duine de na daoine a ainmníodh is a thabharfar anonn. Seachas sin, tá na mionsonraí ar fad ann agus san ord mar ba chóir.

Plé faoi Pháipéar na Ballóide Disciplín agus Vótáil

Cinneadh gan an páipéar ballóide disciplín a athrú arís toisc gur éirigh go maith leis an bpáipéar anuraidh agus go bhfuil sé cosúil leis an mbealach a bhíonn duine ag vótáil ag na stáisiúin vótála. Ní thugtar de rogha ach X a mharcáil ar pháipéir bhallóide, i mbosca TÁ agus mar sin ciallaíonn bosca folamh NÍL. Mar iarracht lena chinntiú go seolfaidh baill an páipéar ballóide ar ais áfach, fiú ceann folamh,

aontaíodh gur chóir go mbeadh páipéar ballóide disciplín dá chuid féin ag an Aos Ailtireachta agus go gcruthódís a gcuóta ballóide disciplín féin de réir miontuairiscí roimhe. Is é sin an chéad uair a tharlóidh sin. Leanfar ar aghaidh le daoine a ainmneofar don Chóiréagrafaíocht a eisiúint chuig na baill ar fad.

Cinneadh go n-eiseodh an Cláraitheoir litir le dul in éineacht leis na páipéir bhallóide disciplín in 2020 lena ndeirtear go bhfuil sé 'd'oibleagáid' ar bhaill páirt a ghlacadh i vóta na ballóide disciplín.

Cinneadh an tábhacht a bhaineann leis sin a athdhearbhú agus béim a leagan air agus gur chóir píosa a chur i láthair faoi ag an Tionól Ginearálta chun tábhacht na vótála a leagan amach. D'fhéadfadh an Cláraitheoir an próiseas a leagan amach chomh maith leis na staitisticí ar pháipéir bhallóide a seoladh ar ais.

Ceapadh gur cheart go bhfaigheadh baill nua achoimre ar a bhfuil i gceist leis seo agus iad tagtha chun bheith ina mbaill d'Aosdána. Mar pháirt de sin, d'fhéadfaí béim a leagan ar an rannpháirtíocht i vóta na ballóide disciplín chomh maith le bheith i láthair ag an Tionól Ginearálta. D'fhéadfaí eolas a chur san áireamh freisin i ndáil le gnéithe eile a bhaineann le hAosdána, an Cnuas mar shampla. Tá an Clárúitheoir le breathnú air sin a dhréachtú.

An Chéad Chruinniú Eile

Socraíodh dáta le haghaidh an 16 Eanáir do chruinniú deiridh na Toscaireachta reatha. Díreofar leis an gcruinniú deiridh seo ar an gClár Oibre do Thionól Ginearálta 2020. Tá an Clárúitheoir le mionsonraí a scaipeadh chuig cách.

Críoch.